

- | | | |
|----|---|---|
| 1. | Cad a rinne tú i rith na seachtaine? | What did you do during the week? |
| 2. | An bhfuil spéis agat sa stair? | Are you interested in history? |
| 3. | An maith leat úrscéalta nó scannáin faoi chogaidh nó spairí? | Do you like novels or movies about wars and spies? |
| 4. | An maith leat fíorscéalta a chloisteáil faoi dhaoine a bhí ag troid i gcogaí? | Do you like to hear true stories about people who fought in wars? |
| 5. | An bhfuil gaolta agat a bhí ag troid i gcogadh? | Do you have relatives that fought in a war? |
| 6. | Ar mhaith leatsa bheith i do spiaire? | Would you like to be a spy? |

TG4

Sloinne – Ó Súilleabháin (leanúint)

1. Agus Seán Ó Súilleabháin i Ráth Maonais, tá sé ag iarraidh tuilleadh a fhoghlaim faoi bhean a rugadh ansin.
2. Spiaire cáiliúil darbh ainm Maureen O’Sullivan.
3. Casann Seán leis an staraí Séamus Ó Maitiú chun níos mó a fháil amach fúithi.
4. Tógadh anseo i Ráth Maonais í i dteach ar bhóthar Charleville.
5. Chuaigh sí ar scoil go dtí bunscoil San Louis, an áit a d’imigh mé féin.
6. Mar a tharla, cailleadh a máthar nuair a bhí sí cúpla mí d’aois.
7. Agus thóg an t-athair í ar feadh tamaill, ach ansin, nuair a bhí sí seacht mbliana d’aois, cuireadh go dtí an Bheilg í lena cuid oideachais a fháil ansin.
8. Chuir sí an-eolas ar theangacha.
9. Nó, bhí Béarla aici, ar ndóigh, Fraincis líofa agus Pléimeannais, agus Dúitsis agus roinnt Gearmáinise.
10. Bhí sé sin, dar ndóigh, úsáideach nuair a thosaigh sí ag obair mar spiaire.
11. Cinnte. Mar i rith an chogaidh, an Dara Cogaidh Domhanda, d’imigh sí go Sasana.
12. Agus bhí sí ina banaltra i dtosach.
13. Agus ansin chuaigh sí isteach ins an WAF, an *Women’s Auxiliary Airforce*.
14. Ach mar gheall ar an scil a bhí aici le teangacha, tógadh isteach ins an SOE, *the Special Operations Executive*.

TG4

Surname – O’Sullivan (continued)

- Seán Ó Súilleabháin is in Rathmines, trying to learn more about a woman who was born there.
- A famous spy who’s name was Maureen O’Sullivan.
- Seán meets with the historian, Séamus Ó Maitiú, to find out more about her.
- She was raised here in Rathmines in a house on Charleville road.
- She went to school at San Louis Elementary, where I myself went.
- As it happened, her mother died when she was a few months old.
- And the father raised her for a while, but then, when she was seven years old, she was sent to Belgium to get her education there.
- She became very acquainted with languages.
- For, she knew English, of course, fluent French, and Flemish, and Dutch, and some German.
- That was, of course, useful when she started working as a spy.
- Certainly. For during the war, the Second World War, she went to England.
- And she was a nurse at first.
- And then she went into the WAF, the Women’s Auxiliary Airforce.
- But because of the skill she had with languages, she was taken into the SOE, the Special Operations Executive.

- | | |
|---|---|
| 15. Le linn an Dara Cogadh Domhanda, chuir Maureen a saol i mbaol trí dhul faoi cheilt taobh thiar de línte an naimhde sa Fhrainc. | During the Second World War, Maureen put her life in danger by going secretly behind the lines of the enemy in France. |
| 16. Déarfainn go raibh sí iontach cróga ag déanamh obair mar sin. | I would say that she was very brave doing work like that. |
| 17. <i>Sea</i> , is dóigh liom go gurb é sin an rud is mó a bhain léithi, an chrógacht, agus an dúil i saghas eachtraíocht agus chuile shórt mar sin. | Yes, I suppose that that’s the biggest thing about her, the bravery, and the love in some kind of adventure and everything like that. |
| 18. Is cosúil, de réir na dtuairiscí a scríobh an t-arm mar gheall uirthi, bhí sí cineál tuatach mar bhean, <i>you know</i> . | It seems, according to the reports the army wrote concerning her, she was somewhat clumsy as a woman, you know. |
| 19. Ní raibh mórán scil aici i gcursaí teicneolaíochta nó mar sin. | She didn’t have much knowledge in matters of technology and such. |
| 20. Bhí dúil thar na bearta aici ins an eachtraíocht. | She had a great desire for adventure. |
| 21. Agus an t-ainm a bhí urithi, Maureen “Paddy” O’Sullivan. | And her name, Maureen “Paddy” O’Sullivan. |
| 22. Cad a bhí i gceist leis an “Paddy”? | What was meant by the “Paddy”? |
| 23. Bhuel, is dóigh, ar ndóigh, ba Éireannach í i Sasana ag an am agus ní raibh an oiread sin acu sin ann ag an am, go háirithe ins an RAF. | Well, of course, she was Irish in England at the time and there weren’t that many of them there at the time, especially in the RAF. |
| 24. Ach bhí ainm rúnda eile aici freisin, cineál ainm, códainm mar a déarfá. Simonet. An t-ainm Fraincise. | But she had another secret name, too, a kind of name, a code name as you might say, Simonet. The French name. |
| 25. <i>So</i> , bhí sé sin aici, is Paddy, is Simonet is Maureen O’Sullivan a bhí uirthi. | So, she had that, and Paddy and Simonet and Maureen O’Sullivan. |
| 26. Inis dom faoi cuid de na heachtraí a bhí sí mar bhall iontu. | Tell me about some of the adventures that she was a part of. |
| 27. Bhuel, bhí eachtra láithreach aici nuair a pharaisiúitáladh isteach sa Fhrainc í. | Well, she had an adventure right away when she was parachuted into France. |
| 28. Mar, nuair a bhí sí ag titim, bhí fadhb aici leis an bparaisiúit, fadhb ag na sreanganna ceangailte ina chéile. | For, when she was falling, she had a problem with the parachute, a problem with the cords tied to each other. |

29. *So*, thit sí go trom ar an talamh agus bhí sí gan aithne gan urlabhra ar feadh tamaill. So, she fell hard on the ground and she was unconscious for a while.
30. Agus dúirt sí gur dhúisigh sí nuair a tháinig bó agus thosaigh an bhó ag lí a haghaidh is do dhúisigh sí. And she said that she awoke when a cow came and the cow began licking her face and she woke up.
31. Do cheap sí ar feadh tamaill go raibh a droim briste. *You know*, mar thit sí go han-trom ar fad. She thought for a while that her back was broken. You know, because she fell so very hard.
32. Ach an rud, thar aon rud eile, a thagann trasna, mar a déarfá, ná an dúil a bhí aici agus a crógacht. But the thing, more than any other thing, that comes across, as you would say, was her passion and bravery.
33. Bhí sí an-mhisniúil. Caithfidh go raibh. Agus an dúil san eachtraíocht agus mar sin dé. B’shin an bua is mó a bhí aici. She was very brave. She must have been. And the desire for adventure and so on. That was her biggest gift.
34. Agus cathain a cailleadh í? Míle naoi déag nócha a ceathair. And when did she die? Nineteen ninety four.
35. *Okay, so* bhí saol fada aice ina dhiaidh. Agus ciúin go leor de réir mar a thuigim. Okay, so she had a long life afterwards. And very quiet as I understand.
36. Bhí sé tuillte aici. Bhí. She earned it. She did.

Ceisteanna

Questions

- | | |
|--|--|
| 1. Cén rud a rinne Maureen O’Sullivan sa chogadh? | What did Maureen O’Sullivan do in the war? |
| 2. Cén cogadh ar ghlac sí páirt ann? | In which war did she take part? |
| 3. Cén teangacha a bhí aici? | Which languages did she know? |
| 4. Cad a tharla nuair a bhí Maureen cúpla mí d’aois? | What happened when Maureen was a few months old? |
| 5. Cad a rinne Maureen sa Bheilg? | What did Maureen do in Belgium? |
| 6. Cérbh í Simonet? | Who was Simonet? |
| 7. Cén timpiste a bhí aici sa Fhrainc? | What accident did she have in France? |
| 8. Cén bhaint a bhí ag an mbó leis an scéal? | What did the cow have to do with the story? |
| 9. Ar tháinig sí slán as an gcogadh? | Did she come out safely from the war? |
| 10. Cén bhliain inar cailleadh í? | In which year did she die? |